

PAIDIR LÁ DON BHEATHA

Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna, as Bronntanas na Beatha. Bronntanas uait don saol atá i ngach beatha dhaonna. Chruthaigh tú gach duine go sainiúil agus thug tú saothar uathúil do chách. Cabhraigh linn cearta bunúsacha gach duine a chur chun cinn i gcónaí. Ceangailte le chéile i gCorp Chríost agus ag maireachtáil ar scáth a chéile cabhraigh linn an bheatha a roinnt go cothrom.

Áiméan.

www.dayforlife.org



Tagann Comhchomhairlí na nEaspag in Éirinn, in Albain, sa Bhreatain agus sa Bhreatain Bheag le chéile gach bliain chun Lá don Bheatha a cheiliúradh. An Pápa Eoin Pól II, trócaire air, a chuir tús leis an cheiliúradh seo chun beannaitheacht na beatha ó thús deireadh a chomóradh.

I mbliana is é saol agus láithreacht daoine san Eaglais agus sa sochaí atá faoi mhíchumas a cheiliúrtar agus iarrtar go dtabharfaí omós agus cosaint dhaingean dóibh.

Ceiliúrfar Lá don Bheatha 2006 ar an Domhnach 1ú Deireadh Fómhair i bparóistí ar fud na hÉireann.



Láithreán gréasáin nua ag Lá don Bheatha

– www.dayforlife.org –

Ar an láithreán gréasáin nua seo tá podcasts ar fáil ón easpag Sár-Oirmhinneach Seán Pléimeann, easpag Chill Ala, ón ardeaspag Sár-Oirmhinneach Mario Conti, ardeaspag Ghlaschú agus ó easpag cúnta Westminster an tUrramach Bearnard Longley. Tá ábhar físeáin le fáil ar an láithreán gréasáin chomh maith – ábhar a léiríonn an chomhpháirt a ghlacann daoine atá faoi mhíchumas sa phobal áitiúil. Chomh maith leis an láithreán gréasáin tá an bileoigín seo á sheachadadh do pharóistí ar fud na hÉireann chun béim níos mó a leagan ar bhronntanas beatha an duine –

is cóir fiúntas, omós, meas agus urraim a thabhairt don bheatha dhaonna.

Logáil isteach ar www.catholiccommunications.ie chun eolas a fháil ar Chomhchomhairle na nEaspag in Éirinn agus ar na gníomhaireachtaí agus coimisiúin a bhaineann leis.

LÁ DON BHEATHA



Bileoigín 2006

“Cén mhaith leas a bhaint as ardáin isteach i bhfoirgnimh mura féidir liom leas a bhaint as an mbeatha féin?”

Seo thuas mar a dúirt gníomhaí faoi mhíchumas ag tagairt ar an bhrithchosúlacht atá i measc an phobail nuair a théitear i ngleic leis an mhíchumas. Cinnte, tá iarrachtaí déanta ardáin a chur ar fáil, áiseanna soéisteachta a sholáthar agus cúnaimh eile a chur isteach chun go mbeadh deis níos fearr ag daoine faoi mhíchumas páirt níos fearr a ghlacadh sa saol. Ach, ag an am gcéanna, is iomaí duine a dhéanadh rud cothrom ar bith, bac a chur le breith linbh atá faoi mhíchumas.

Déantar mná atá ag iompar clainne a ghríosú chun tástáil a chur ar an leanbh, féachaint an bhfuil sé/sí faoi mhíchumas agus má tá, ginmhilleadh a dhéanamh air/uirthi. Má dhiúltaíonn an mháthair dul ar aghaidh le tástáil dea-ghiniceach den sórt seo, is minic droch-mheas seachas tacaíocht a thugtar di. Tá sé dleathach sa Bhreatain ginmhilleadh a dhéanamh ar leanbh atá faoi mhíchumas, fiú go dtí lá a bhreithe.


Tá dearcadh thar a bheith éagsúil ag an Eaglais ar an ábhar seo:

- ag dearbhú go bhfuil ceart chun beatha ag gach duine is cuma aois, sláinte, cumas, gnéas nó cine
- ag iarraidh go dtugtar omós ar fad dóibh siúd atá faoi mhíchumas
- ag tabhairt tacaíocht do gach idirghabháil atá dírithe ar feabhas a chur ar bheatha na ndaoine atá faoi mhíchumas.

Tá gach ball den chine daonna – is cuma an féatas, leanbh nó duine fásta é – cruthaithe ar dheilbh Dé, agus ní féidir a leathcheann a fháil. Tá cúnamh faoi leith le tabhairt ag gach éinne, is cuma cén cumas atá acu, le saol na hEaglaise agus leis an saol i gcoitinne. Sa mhéid atá le rá acu, san obair a dhéanann siad agus toisc go bhfuil siad i láthair, taispeánann gach duine cé chomh luachmhar is atá siad i ndearcadh Dé, agus cé chomh luachmhar is ba chóir iad a bheith i ndearcadh a gcomharsan.

Go díreach mar gheall ar seo, ní amháin go bhfuil an Eaglais i gcoinne an ghinmhillte ach ní aontaíonn sí le húsáid fáithmheas réamhghreamaithe chun deireadh a chur leo siúd atá faoi mhíchumas – go fiú ag tréimhse níos túisce fós.

Is gnách nuair a chleachtaítear IVF a lán suthanna a chruthú sa mhias Petri: is iad na suthanna “normálta” amháin a aistrítear go broinn na máthar. Faraor, tá lánúineacha ann nach bhfuil neamhshíolmhar ach atá ag casadh do chleachtadh IVF chun gan dul sa “seans” páiste faoi mhíchumas a bheith acu. I gcás mar seo scrúdaítear na suthanna roimh iad a ghreamú sa bhroinn mar earraí: earraí gur féidir a chur trí rialú cáilíochta, agus earraí gur féidir a scriosadh mura sroiseann siad an “caighdeán”.



Ar ndóigh, tá a lán tuismitheoirí ann a thugann grá neamhchoinníollach agus fáilte thar cuimse dá bpáistí nuair a bheirtear iad. Ach is minic a thógtar den fháilte neamhchoinníollach a thugtar do leanaí de gach sórt mar bhronntanas ó Dhia, ach go háirithe sula mbeirtear iad.

D’fhéadfaí naíonán nuabheirthe atá faoi mhíchumas a chur faoi leithcheal marfach: obráid shimplí, bia nó ólacháin a choinneáil uathu toisc go meastar nach fiú beatha a leithéid.

D’fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an chleachtadh seo nuair a thiocfadh tuilleadh den aois – mar shampla, i gcás seanduíne a fuair stróc. Más í an aidhm atá ann, nuair a choimeádtar cleachtadh leighis siar ó dhuine ar bith, an bás a mhealladh chucu – seo í an eotanáis: ionsaí dochosanta ar dhuine neamhchiontach.

Is é teagasc na hEaglaise ná gur cóir fiúntas, omós, meas agus urraim a thabhairt don bheatha dhaonna, fiú, cé go bhfuil fulaingt agus lúcháir ag baint léi. Tá sé seo fíor, freisin, i gcás duine ar bith atá faoi mhíchumas – míchumas, b’fhéidir, is cúis le páis atá suntasach agus dosheachanta. Is minic a deir daoine faoi mhíchumas agus na cúramóirí a thugann aire dóibh, gur minic a chómhaireann an fhulaingt le saol luachmhar – luachmhar ann féin agus sa mhéid gur féidir leis a bhaint amach.

Tá rud éigin tíoránta sa sochaí a dhéanann iarracht deireadh a chur leis an fhulaingt trí chosc a chur ar bheatha na ndaoine a mbraithear bheith ag fulaingt.

Tá gá le fíis nua inár sochaí – fíis a thugann urraim agus omós do bhronntanas an bheatha dhaonna i gcónaí; fíis a thugann aire agus cóireáil dóibh siúd atá ag fulaingt agus fíis a ligean do chách páirt shainiúil a ghlacadh i saol an phobail.

Tá sé faoi chúram ag Caitlicigh an ceart atá ag gach duine don bheatha a mholadh i gcónaí.

Tá deis againn sa Lá don Bheatha athnuachan a dhéanamh in ár bparóistí ar an chúram atá orainn a bheith fáilteach agus forleathan do chách agus sa tslí sin comhartha éifeachtach a thabhairt ar an todhchaí a d’fhéadfaí tarlú.

Cad is cúis le Lá don Bheatha 2006?

- Beatha agus láithreach daoine atá faoi mhíchumas san eaglais agus sa sochaí a cheiliúradh sa lá atá inniu ann.
- Beatha na ndaoine atá faoi mhíchumas a chosaint – iad a chosaint nuair a chuirtear bagairt orthu trí scagthástáil ghéiniteach nó trí ghinmhilleadh; iad a chosaint nuair nach gcuirtear cóir leighis ceart orthu nuair atá siad tinn nó sean.
- Sochaí atá cóir agus trócaireach, sochaí inar féidir do chách a gcumas a bhaint amach – a leithéid de shochaí a chur chun cinn.